# Dara Epistil Phoil absdail chum na Dtessalonicanach

# The Second Epistle of Paul to the Thessalonians

## *An Irish and English Parallel Bible*

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament* - *Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

# Chapter

**1 2 3**

# Dara Epistil Phoil absdail chum na Dtessalonicanach

# The Second Epistle of Paul to the Thessalonians

### William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition

### Caibidil 1

*Láin diola na bfíréin, 5 a néaraic a mbuáidhreadh, re teachd Chríosd.*

1 Pol, agus Silbhánus, agus Timotéus, chum eagluise na Dtessalónicánach, a Ndía ar Nathair, agus sa Dtíghearna Iósa Críosd:
2 Grása maille ribh, agus síothcháin ó Dhía ar Nathair, agus ón Dtíghearna Iósa Críosd.
3 A tá dfíachuibh oruinn buidheachus do bhreith ré Díá do shíor ar bhur sonsa, a dhearbhráithre, mar as iomchubhaidh, do bhrígh go bhfuil bhur gcreideamh ag fás go líonmhar, agus grádh gach aóin aguibh uile ag méudughadh dhá chéile;
4 Ionnas go ndéunmaóidne féin mordháil bhur dtáobhsa a neagluisibh Dé ar son bhur bhfoighide agus bhur gcreideimh ann gach gérleanmhuin agus gach buáidhirt iomchras sibh:
5 Comhartha follas ar cheart bhreitheamhnuis Dé, ionnus go measfuidhe gur fíu sibhse ríoghachd Dé, ar son a bhfuiltí fós ag fulang:
6 Oír *as* ní ceart ag Día malairt buáidheartha do thabhairt don druing bhuáidhreas síbh;
7 Agus suáimhneas díbhse fhuilngeas buáidhirt má ráon rinne, an tan fhoillséochas an Tíghearna Iósa é féin ó neamh maille ré na ainglibh cúmhachdacha,
8 A dteine lasarrdha ag déunamh díoghaltuis ar a ndruing ag nach bhfuil éolas Dé, agus nách dtabhair úmhlachd do shoisgéul an Dtíghearna Iós Críosd:
9 Noch ghéubhus pionús an damnnuighthe shíorruidhe ó aghuidh an Tíghearna, agus ó ghlóir a chúmhachd;
10 An tan thiucfas se chum glóire dfágháil ann a náomhuibh, agus chum a dhéunta iongantach sna huile dhaóinibh chreideas (do bhrígh gur chreideadh a nfíadhnuisi do rinneamairne eadruibhse) sa lá sin.
11 An tádhbhar fá ndéunmuidne fós úrnuighe do shíor ar bhur sonsa, ionnus go measfadh ar Ndía gur fíu an ghairmse sibh, agus go gcoimhlíonfadh sé deaghthoila mhaitheasa go

### The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition

### Chapter 1

1 Paul, and Silvanus, and Timotheus, unto the church of the Thessalonians in God our Father and the Lord Jesus Christ:
2 Grace unto you, and peace, from God our Father and the Lord Jesus Christ.
3 We are bound to thank God always for you, brethren, as it is meet, because that your faith groweth exceedingly, and the charity of every one of you all toward each other aboundeth;
4 So that we ourselves glory in you in the churches of God for your patience and faith in all your persecutions and tribulations that ye endure:
5 *Which is* a manifest token of the righteous judgment of God, that ye may be counted worthy of the kingdom of God, for which ye also suffer:
6 Seeing *it is* a righteous thing with God to recompense tribulation to them that trouble you;
7 And to you who are troubled rest with us, when the Lord Jesus shall be revealed from heaven with his mighty angels,
8 In flaming fire taking vengeance on them that know not God, and that obey not the gospel of our Lord Jesus Christ:
9 Who shall be punished with everlasting destruction from the presence of the Lord, and from the glory of his power;
10 When he shall come to be glorified in his saints, and to be admired in all them that believe (because our testimony among you was believed) in that day.
11 Wherefore also we pray always for you, that our God would count you worthy of *this* calling, and fulfil all the good pleasure of *his* goodness, and the work of faith with power:

huilidhe, agus obair an chreidimh maille ré cúmhachduibh:

12 Ionnas go ndéantaói ainm ar Dtíghearna Iósa Críosd glórmhar ionnuibhsi, agus sibhse annsan, do réir ghrás ar Ndé agus an Tíghearna Iósa Críosd.

12 That the name of our Lord Jesus Christ may be glorified in you, and ye in him, according to the grace of our God and the Lord Jesus Christ.

## Caibidil 2

*Tairrghir a ttáobh 3 thosach, 4 fhás, 8 agus scrios an aintichriosd.*

## Chapter 2

1 Agus íarrmuid dathchuinghe oruibh, a dhearbhraithe, tré theachd ar Dtighearna Iósa Críosd, agus ar gcomhchruinnighne chuigesion,

1 Now we beseech you, brethren, by the coming of our Lord Jesus Christ, and *by* our gathering together unto him,

2 Gan bheith dhíbh go hobann sobhogtha ó ninntinn *atá aguibh*, ná bheith buáidheartha, ó sbioruid, ná ó bhréithir, ná ó litir, mar *do thiucfadh sí* uainne, amhuil do bhíadh lá Chríosd do láthair.

2 That ye be not soon shaken in mind, or be troubled, neither by spirit, nor by word, nor by letter as from us, as that the day of Christ is at hand.

3 Ná mealladh éunduine síbh ar ghléus ar bith: óir *ni thuicfa an lá sin* muna dtiucfaidh tréigean ar tús, agus go bhfoillseochar an duine peacthach, mac an damnuighe;

3 Let no man deceive you by any means: for *that day shall not come*, except there come a falling away first, and that man of sin be revealed, the son of perdition;

4 An námhuid do áirduigheas é féin ós cionn gach neithe dá ngoirthear Día, nó do nithear onórughadh; ionnas go súighfe sé mar Dhía a dteampoll Dé, dhá chur a gcéill gur Día é féin.

4 Who opposeth and exalteth himself above all that is called God, or that is worshipped; so that he as God sitteth in the temple of God, shewing himself that he is God.

5 A né nach cumhuin libh, ar mbeith dhamh fós bhur bhfochair, go ndubhairt mé na neíthese ribh?

5 Remember ye not, that, when I was yet with you, I told you these things?

6 Agus a nois atá a fhios aguibh créud is toirmeasg ann chum a fhoillsighthe ann a ám féin.

6 And now ye know what withholdeth that he might be revealed in his time.

7 Oír atá rúindíamhair na neimhdhíaghachda ag oibriughadh cheana: amháin an tí thoirmisgeas a nois *cuirfidh sé toirmeasg*, nó go dtógaibhthear as lár é.

7 For the mystery of iniquity doth already work: only he who now letteth *will let*, until he be taken out of the way.

8 Agus foillséochthar an tan sin an *duine* Neamhdhíaghadhsin, noch chlaóifeas an Tíghearna ré Sbiorad a bhéil, agus sgriosfus sé ré déallradh a theachd:

8 And then shall that Wicked be revealed, whom the Lord shall consume with the spirit of his mouth, and shall destroy with the brightness of his coming:

9 *Eadhon an tí*, aga bhfuil a theachd ó oibriughadh Shatáin maille ris a nuile chúmhachd agus ré cómharrthuibh agus ré hiongantuibh bréige,

9 *Even him*, whose coming is after the working of Satan with all power and signs and lying wonders,

10 Agus maille ris a nuile mhealltóireachd eugcóruidh a measg na druinge theid a múgha; do bhrígh nár ghabhadar grádh na fírinne chuca, chum a slánaighthe.

10 And with all deceivableness of unrighteousness in them that perish; because they received not the love of the truth, that they might be saved.

11 Agus air a nadhbharsa cuirfe Día chuca oibriughadh bríoghmhar séachráin, ionnus go cereidfidís an bhréug:

11 And for this cause God shall send them strong delusion, that they should believe a lie:

12 Ionnus go ndaimeontaói an méid uilé nar
chreid a nfírinne, achd agá raibh a ndúil a
néugcóir.
13 Gidheadh atá dfiachuibh oruinne
buidheachas do bhreith do shíor ré Día ar bhur
sonsa, atá grádhuighthe ón Dtíghearna, ar a
nadhbhar gur thogh Día sibh ó thosuigh chum
slánaighthe tré náomthachd na Spioruidhe
agus tré chreideamh na fírinne:
14 Chum ar ghoir sé síbh tré ar soisgélne,
chum gnodhuighe ghlóire ar Dtíghearna Iósa
Críosd.
15 Uime sin, a dhearbhráithre, seasuidh go
daingean, agus congmhuídh na toirbhearta
fúarabhair, noch do múineadh dhíbh, tré
bhreithir, nó tré ar neipisdilne.
16 Agus gó dtuguidh an Tíghearna féin Iósa
Críosd, agus Día, eadhon ar Nathair, noch do
ghrádhuigh sinn, agus tug *dhúinn*
comhfhurtachd síorruidhe agus muinighin
mhaith tré ghrás,
17 Furtachd do bhur gcroidhthibh, agus go
ndaingnidhe sé sibh sa nuile bhréithir agus
dheaghobair.

12 That they all might be damned who believed
not the truth, but had pleasure in
unrighteousness.
13 But we are bound to give thanks alway to
God for you, brethren beloved of the Lord,
because God hath from the beginning chosen
you to salvation through sanctification of the
Spirit and belief of the truth:
14 Whereunto he called you by our gospel, to
the obtaining of the glory of our Lord Jesus
Christ.
15 Therefore, brethren, stand fast, and hold
the traditions which ye have been taught,
whether by word, or our epistle.
16 Now our Lord Jesus Christ himself, and
God, even our Father, which hath loved us,
and hath given *us* everlasting consolation and
good hope through grace,
17 Comfort your hearts, and stablish you in
every good word and work.

## Caibidil 3

*Beatha, 7 mhíriaghaltach, 10 díomhaóin, 14
agus droch cómhlúadar, do sheachna.*

1 Tuilleadh eile, a dhearbhráithre, guidhidh air
arsuinne, ionnus go mbíadh cumus réatha ag
bréithir an Tíghearna, agus go ndéuntaói
glórmhar é, do reir mar *atá* aguibhse:
2 Agus chum sinne sháoradh ó
dhrochdháoinibh gan fharas: oír ní ag gach
*éinneach* atá creideamh.
3 Gidheadh atá an Tíghearna díleas, noch
dhaingnéochas, agus chóimhéudfus sibh ó olc.
4 Agus atá muinighin aguinn sa Dtíghearna
bhur dtáobhsa, go udéunann agus go ndéunfá
sibh na neithe áithnighmid díbh.
5 Agus go dtréoruidhe an Tíghearna bhur
gcroidhthe sá tslíghe dhírigh chum grádha Dé,
agus chum feitheamh go foighideach ré
Críosd.
6 Agus do bheirmíd fógra dhíbh, a
dhearbhráithre, a nainm ar Dtíghearna Iósa
Críosd, sibh féin do dhealughadh ré gach
dearbhráthair shiubhlus go miríaghalta, agus
ni réir an teaguisg fuáir sé uáinne.
7 Oír atá a fhios aguibh féin cionnas as cóir
sinne leanmhuin: óir níor iomchramar sinn
féin go míríaghalta eadruibhse;
8 Agus ní a naisgidh do itheamar arán ó aóin
neach; achd maille ré sáothar agus ré

## Chapter 3

1 Finally, brethren, pray for us, that the word
of the Lord may have *free* course, and be
glorified, even as *it is* with you:
2 And that we may be delivered from
unreasonable and wicked men: for all *men*
have not faith.
3 But the Lord is faithful, who shall stablish
you, and keep *you* from evil.
4 And we have confidence in the Lord touching
you, that ye both do and will do the things
which we command you.
5 And the Lord direct your hearts into the love
of God, and into the patient waiting for Christ.
6 Now we command you, brethren, in the
name of our Lord Jesus Christ, that ye
withdraw yourselves from every brother that
walketh disorderly, and not after the tradition
which he received of us.
7 For yourselves know how ye ought to follow
us: for we behaved not ourselves disorderly
among you;
8 Neither did we eat any man's bread for
nought; but wrought with labour and travail

hanshógh ag déunamh oibré do ló agus doídhche, deagla ar dtruime do leigean ar áon neach aguibhse.
9 Ní hé nach bhfuil úghdarrás aguinn, achd ionnus go ndéunamaóis eisiompláir dhinn féin díbhse chum sinne leanmhuin.
10 Oír fós an tan bhámar eadruibh, do áithneamar só dhíbh, *eadhon* má atá aóinneach ris nách áill obair do dhéunamh, ná hítheadh bíadh mar an gcéudna.
11 Oír do chluinmíd go bhfuilid daóine áirighe ag siúbhal eadruibh go míriaghalta, nach déun obair ar bíth, achd sháitheas íad féin a neithibh nach beanann ríu.
12 Do bheirmíd fógrá dhá samhuil sin agus íarrmuid orrtha tré ar Dtíghearna Iósa Chríosd, a narán féin díthe dhóibh, ag sáothrughadh maille ré súaimhneas.
13 Agus ná bighidhse, a dhearbhráithre, tuirseach do dhéunamh maitheasa.
14 Agus má atá duine ar bith nach dtabhair úmhlachd dár mbréithirne sa neipisdilse, cuiridh cómhartha air, agus seachnuidh a chomhlúadar, ionnus go mbíadh adhnáire air.
15 Thairis sin ná bíodh mead námhad aguibh air achd teaguisgidh é mar dhearbhráthair.
16 Agus do dtuguidh Tíghearna na síothchána féin síothcháin dhíbh do shíor ar gach éunchor. An Tíghearna maille ribh uile.
17 Beatha agus sláinte *chuguibh* re mo láimhse Pol, noch as cómhartha ann gach éin eipisdil: is mar so sgríobhuim.
18 Grása ar Dtíghearna Iósa Críosd maille ribh uile. Amén.

night and day, that we might not be chargeable to any of you:
9 Not because we have not power, but to make ourselves an ensample unto you to follow us.
10 For even when we were with you, this we commanded you, that if any would not work, neither should he eat.
11 For we hear that there are some which walk among you disorderly, working not at all, but are busybodies.
12 Now them that are such we command and exhort by our Lord Jesus Christ, that with quietness they work, and eat their own bread.
13 But ye, brethren, be not weary in well doing.
14 And if any man obey not our word by this epistle, note that man, and have no company with him, that he may be ashamed.
15 Yet count *him* not as an enemy, but admonish *him* as a brother.
16 Now the Lord of peace himself give you peace always by all means. The Lord *be* with you all.
17 The salutation of Paul with mine own hand, which is the token in every epistle: so I write.
18 The grace of our Lord Jesus Christ *be* with you all. Amen.